Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**10765/22**

**FIN 721**
**COMPET 556**
**IND 267**
**MI 521**
**RECH 417**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10318/22 FIN 673 COMPET 507 IND 237 MI 484 RECH 386 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 7/2022: 'Ionstraimí um idirnáisiúnú FBManna: Líon mór gníomhaíochtaí tacaíochta ach gan iad lán-chomhleanúnach ná comhordaithe'<br>- Formheas |

1. An 17 Bealtaine 2022, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascáil speisialta Uimh. 7/2022 dar teideal 'Ionstraimí um idirnáisiúnú FBManna: Líon mór gníomhaíochtaí tacaíochta ach gan iad lán-chomhleanúnach ná comhordaithe'.

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí[1], d'ordaigh Coiste na mBuanionadaithe, ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Meitheamh 2022, don Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil speisialta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna conclúidí thuasluaite, agus dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil speisialta a dhréachtú.

[1] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) tuarascáil speisialta Uimh. 7/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Meitheamh 2022.

4. Ag an gcruinniú céanna, thíolaic an Uachtaránacht togra le haghaidh dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil speisialta sin, a leagtar amach in 10318/22. Phléigh an Mheitheal an togra ón Uachtaránacht. Níor chuir aon toscaireacht i gcoinne an téacs a mhol an Uachtaránacht, mar a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo é.

5. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a ghlacadh mar mhír 'A'.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

**'Ionstraimí um idirnáisiúnú FBManna: Líon mór gníomhaíochtaí tacaíochta ach gan iad lán-chomhleanúnach ná comhordaithe'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI tuarascáil speisialta Uimh. 7/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Ionstraimí um idirnáisiúnú FBManna: Líon mór gníomhaíochtaí tacaíochta ach gan iad lán-chomhleanúnach ná comhordaithe' agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE barúlacha na Cúirte;

2. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus micrifhiontair mar chnámh droma gheilleagar an Aontais, go háirithe chun poist a chruthú; MEABHRAÍTEAR DI, in 2021, gur FBManna iad thart ar 99 % de na gnólachtaí uile san Aontas, rud a ghineann níos mó ná leath d'aschur eacnamaíoch an Aontais agus a fhostaíonn thart ar 100 milliún duine, arb ionann é agus dhá thrian de na poist uile san earnáil ghnó neamhairgeadais[1];

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, áfach, nach raibh FBManna chomh gníomhach céanna i margaí idirnáisiúnta ná mar a bhí cuideachtaí móra, ó thaobh onnmhairí de agus ó thaobh allmhairí agus comhar teicniúil de, agus nach raibh iontu ach 30 % de luach iomlán na n-onnmhairí chuig tíortha nach bhfuil san Aontas; TUGANN SÍ DÁ hAIRE réasúnaíocht na Cúirte gur chuir tosca inmheánacha agus seachtracha amhail easpa eolais ginearálta maidir le trádáil idirnáisiúnta nó deiseanna gnó, dlíthe casta eachtracha, córais chustaim agus bacainní riaracháin eile, acmhainní teoranta agus cumais theoranta, easpa riosca, agus drochfheasacht ar scéimeanna tacaíochta poiblí cosc ar FBManna dul i mbun idirnáisiúnaithe chomh héasca céanna le gnólachtaí níos mó;

[1] De réir sonraí ón gCoimisiún Eorpach.

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann an t-idirnáisiúnú go mór leis an bhfás san Aontas agus gur féidir cur go mór le geilleagar an Aontais trí chabhrú le FBManna aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, na bacainní a shárú agus a ngnólachtaí a leathnú chuig margaí idirnáisiúnta laistigh den Aontas agus lasmuigh de trí straitéis chomhleanúnach chomhordaithe;

5. ADMHAÍONN SÍ iarrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear agus ar thiomantas an Choimisiúin tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun tacú le fás idirnáisiúnta FBManna Eorpacha i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach ina theachtaireacht dar teideal 'Gnó Beag, Domhan Mór' ó 2011[2] lena mbunaítear straitéis an Aontais le haghaidh idirnáisiúnú FBManna;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Cúirte sa mhéid a leanas:

– tá cur chun feidhme na straitéise maidir le hidirnáisiúnú FBManna neamhiomlán ag an gCoimisiún mar nach bhfuil aon fhardal cothrom le dáta fós de na gníomhaíochtaí ábhartha uile sa réimse sin, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí bearnaí, forluí agus sineirgí féideartha a shainaithint i measc na ngníomhaíochtaí atá ann cheana, ach gan aon fhaireachán ar dhul chun cinn ná aon mheastóireacht thréimhsiúil ar éifeachtacht na straitéise;

– níor tugadh aghaidh sásúil i gcónaí ar inbhuanaitheacht airgeadais ghníomhaíochtaí an Aontais; agus

– ní éiríonn le gach tionscadal leanúnachas fadtéarmach a bhaint amach.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI measúnú na Cúirte go bhfuil a phríomhspriocanna bainte amach ag an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) maidir le tacaíocht a chur ar fáil do FBManna a bhfuil uaillmhianta idirnáisiúnta acu; IS MÓR AICI tuairimí chomhaltaí EEN go bhfuil an tacaíocht a thugann an Coimisiún úsáideach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, mar sin féin, gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh maidir le hinfheictheacht EEN, comhordú le hionstraimí comhchosúla AE, náisiúnta agus réigiúnacha, cumhdach i dtíortha nach bhfuil san Aontas agus fothú acmhainneachta chun feasacht agus inrochtaineacht a mhéadú;

---

[2] 16764/11.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Cúirte nach dtugann an tionscnamh Startup Europe ach aghaidh ar riachtanais gnólachtaí nuathionscanta sa ghearrthéarma, ach nach bhfuil leanúnachas ann, nach leor an faireachán ar thorthaí an tionscnaimh chun meastóireacht a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidíonn sé le hidirnáisiúnú FBManna, agus nach bhfuil ach comhordú teoranta ann le cláir náisiúnta lena dtugtar tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis;

9. TACAÍONN SÍ le moltaí na Cúirte don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- feasacht, comhleanúnachas, comhordú agus inbhuanaitheacht na tacaíochta d'idirnáisiúnú FBManna a mhéadú;
- infheictheacht EEN a mhéadú mar aon lena chomhar le cláir chomhchosúla eile, for-rochtain a ghníomhaíochtaí oiliúna, agus cumhdach geografach príomh-chomhpháirtithe trádála tríú tír;
- faireachán agus éifeachtacht fhadtéarmach an tionscnaimh Startup Europe a fheabhsú.

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil speisialta Uimh. 7/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus moltaí na Cúirte a chur san áireamh ina cuid beartas, an fhaisnéis maidir le tacaíocht d'idirnáisiúnú FBManna a chur ar fáil níos éasca agus a cláir a thabhairt níos gaire do FBManna Eorpacha.